Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn

Forbhreathnú na Bliana 2012

ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Éire

Guthán: +353 53 9160600 Facs: +353 53 9160699
Ríomhphost: info@epa.ie Suíomh Gréasáin: www.epa.ie

Íosghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2013

Is féidir an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada,
fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn

Forbhreathnú na Bliana 2012

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Séanadh: Tá gach iarracht déanta le cinntiú go bhfuil an t-ábhar atá san fhoilseachán seo cruinn, ach ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), na húdair, ná foireann eile le freagracht ar bith as caillteanas nó damáiste a tharlódh, nó a mhaífí a bheith tarlaithe, go páirteach nó go hiomlán mar gheall ar dhuine ar bith ag gníomhú nó ag staonadh de ghníomhú mar thoradh ar ábhar atá san fhoilseachán seo.

Bhí cóimheas agus suimiúchán shonraí na tuarascála seo déanta ag Brigid Flood agus Annmarie Tuohy. Bhí an tuarascáil ullmhaithe ag an Uas. Peter Webster (Eolaí Sinsearach, Tuairisciú agus Measúnú) faoi stiúir an Dr. Micheál Lehane (Bainisteoir Clár, Monatóireacht agus Measúnú Comhshaoil), taobh istigh den Oifig um Measúnú Comhshaoil.

Bhí an t-eolas uisce snámha atá sa tuarascáil seo atá mar fhorbhreathnú agus i gcóras uisce snámha an GCC ar líne darb ainm Splash (www.bathingwater.ie), bhí siad curtha ar fáil ag ocht n-údarás áitiúla déag atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-uiscí snámha aitheanta taobh istigh dá limistéir feidhme. Aithnítear cúnamh fhoireann an GCC a chuir le cóimheas agus bailíochtú na sonraí a úsáidtear i Splash agus sa mheasúnú seo: Deirdre Kirwan agus Úna Cullen, agus buíochas le hAisling McElwain agus Melanie Mageean as ullmhú Léarscáil na hÉireann ar Cháilíocht Uisce Snámha i 2012, agus le baill an trasghrúpa oifigí ar Uisce Snámha as a gcion oibre.

ISBN: 978-1-84095-493-7 05/13/100

Tús Eolais

Tá monatóireacht chuimsitheach á déanamh ar uiscí snámha ar fud na hEorpa ó tugadh isteach an Treoir ar Uisce Snámha (76/160/EEC) i 1976. Tá feabhsuithe suntasacha ar cháilíocht uisce tar éis a bheith bainte amach, go háirithe le leathscór bliain anuas, mar gheall ar fheabhsuithe ar chórais chóireála fuíolluisce agus ar chleachtais ghinearálta bainistíochta ar cháilíocht uisce mar thoradh ar chur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce.

Thug Éire isteach na Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Snámha i 1992 (I.R. 155 de 1992), rud a d'aistrigh Treoir 76/160/EEC. Chiallaigh an reachtaíocht chasta seo gur gá monatóireacht a dhéanamh ar roinnt paraiméadar micribhitheolaíoch agus fisiciceimiceach. Chuir an AE tús i 2006 le hathmheas mór ar an Treoir ar Uisce Snámha tar éis gur dhearbhaigh roinnt tuarascálacha staidéir ceangail idir uiscí snámha agus sláinte an phobail. Tháinig an Treoir athmheasta ar Uisce Snámha (2006/7/EC) i bhfeidhm ar 24 Márta 2006, agus aistríodh í go dlí na hÉireann mar na Rialacháin ar Cháilíocht Uisce Snámha, 2008 (IR Uimh. 79 de 2008). Rachaidh sí seo in áit na treorach bunaidh go hiomlán, le héifeacht ó 31 Nollaig 2014, agus leagann sí béim níos mó ar fhorbairt córas chun bainistíocht a dhéanamh ar uiscí snámha agus ar fhógraí ar cháilíocht uisce snámha don phobal. Agus í ag tógáil ar an taighde ar na rioscaí sláinte a bhaineann le huiscí snámha, díríonn sí ar chaighdeáin mhicribhitheolaíocha níos déine le haghaidh dhá pharaiméadar nua, *Escherichia coli (E. Coli)* agus Eintreacocas stéigeach (E.S). Bhíodh an measúnú roimhe seo bunaithe go príomha ar thorthaí anailísí Bachaillíní Iomlána agus Faecacha, móide réimse paraiméadar fisiciceimiceach.

Is é cuspóir na reachtaíochta ná a chinntiú go gcoinnítear cáilíocht uisce snámha agus, pé áit ar gá, go bhfeabhsaítear í ionas go gcloífidh sí le caighdeáin a ceapadh chun sláinte an phobail agus an comhshaol a chosaint. Ó 2011, tá bearta eatramhacha idirchriosacha i bhfeidhm trína ndéantar athbhreithniú ar cháilíocht uisce snámha i gcomparáid leis na caighdeáin mhicribhitheolaíocha i dTreoir 1976, agus go mbíonn an dá pharaiméadar nua á n-úsáid. Déantar measúnú ar chloí micribhitheolaíoch go bliantúil agus é bunaithe ar chéatadán (líon) na samplaí a chomhlíonann na caighdeáin mhicribhitheolaíocha bhainteacha agus ag úsáid aicmiú trí chiseal, is iad sin, ‘Go Maith’, ‘Imleor’ nó ‘Go Dona’, i gcomhréir leis an measúnú a bhí déanta roimhe seo.

Ó 2015 i leith, úsáidfear E.Coli agus Eintreacocas Stéigeach chun ár n-uiscí snámha a aicmiú i gceithre chatagóir, is iad sin, ‘Ar Fheabhas’, ‘Go Maith’, ‘Imleor’ agus ‘Go Dona’ i gcomhréir le Rialacháin 2008, agus caithfear sprioc íosta ‘Imleor’ a bhaint amach le haghaidh na n-uiscí snámha go léir. Beidh an t-aicmiú bunaithe ar mheasúnú ar shonraí cáilíochta uisce thar thréimhse rollach 4 bliana agus sonraí á n-úsáid ó 2011-2014 , agus an dá bhliain sin san áireamh, ach déanfar cloí a mheasúnú ar bhonn peircintíle (aicmithe), rud a thabharfaidh aird níos mó ar scaipeadh na dtorthaí seachas ar chóimheas simplí pas / teipe a úsáid.

Faoin gcóras aicmithe atá ann faoi láthair, baineann cáilíocht uisce atá 'Go Maith' le comhlíonadh luachanna treorach agus éigeantacha an AE araon, agus ‘Imleor’ ag baint le cloí leis na luachanna éigeantacha agus léiríonn ‘Go Dona’ neamhchomhlíonadh luachanna éigeantacha. Ní dhéantar uiscí snámha a aicmiú a bheith 'ar fheabhas' sa tuarascáil seo faoi láthair, ós rud é nach bhfuil caighdeáin uisce snámha i dTreoir 1976 atá ag teacht leis an aicmiú seo. Léiríonn an tuarascáil seo forbhreathnú ar shéasúr snámha 2012.

Forbhreathnú ar Cháilíocht Uisce Snámha i 2012

Cáilíocht na nUiscí Snámha go léir

Rinneadh measúnú ar thorthaí na samplaí ag an 136 limistéar snámha ainmnithe in aghaidh na gcaighdeán atá sainmhínithe i dTreoir 76/160/EEC:

- Comhlíonadh luachanna treorach níos déine a thugann uisce stádas **dea-**cháilíochta le fios
- Comhlíonadh luachanna íosta éigeantacha a thugann uisce stádas cáilíochta **imleoire** le fios
- Is ionann neamhchomhlíonadh luachanna éigeantacha agus **droch**stádas cáilíochta uisce.

Figiúr 1: Stádas Cáilíochta Uisce i 2012 (%)



Sa bhliain 2012, bhí 97.1% de na huiscí snámha (132 as 136) ag cloí le luachanna éigeantacha an AE, agus bhain siad stádas cáilíochta uisce 'imleor' amach ar a laghad. Idir 2009 agus 2012, tá comhréir na n-uiscí snámha a chomhlíonann na luachanna éigeantacha tar éis méadú breis is cúig faoin gcéad (Tábla 1) agus léiríonn sé seo treocht chobhsaí. Ach tá an chomhréir uiscí snámha a chomhlíonann an dea-cháilíocht uisce níos déine tar éis titim go 66.9% (91 as 136), thíos ó 83% (112 as 135) i 2011. Tharla na tionchair is mó i gContaetha Chorcaí agus Chiarraí, áiteanna a raibh leibhéil ísle chomhsheasmhacha d'éilliú micribhitheolaíoch ar roinnt tránna ardchaighdeáin.

Níor bhain ach trí údarás áitiúla dea-stádas amach dá n-uiscí snámha aitheanta go léir: Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Shligigh agus Liatroma, ach níl iontu siúd ach 8 gcinn den 136 trá. Níor theip ach ar cheithre cinn den 136 uisce snámha stádas imleor cáilíochta uisce a bhaint amach. An Clochán (Co. na Gaillimhe), Baile Mhontáin (Co. Chorcaí), An Ros (Co. Co. Fhine Gall) agus Baile Uí Thaidhg (Co. Chiarraí).

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí cáilíocht uisce an Chlocháin thíos go mór le sceitheadh ó na hoibreacha séarachais atá gar dó agus níl sé oscailte don phobal go fóill. Bhí an gléasra seo ceadúnaithe ag an GCC i 2011 (Ceadúnas Scardaidh Uimh. D0198-01). Tá uasghrádú, lena n-áireofar díghalrú an eisiltigh agus athlonnú an phointe sceite, tá siad le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2014 agus táthar ag súil leis go bhfeabhsóidh siad seo an cháilíocht uisce roimh shéasúr snámha 2015.

Tharla truailliú eipeasóideach leanúnach ag Baile Mhontáin, áit atá suite ag béal chuan Chorcaí, i rith an tsamhraidh agus theip air na caighdeáin íosta a chomhlíonadh. Theip ar Bhaile Uí Thaidhg mar gheall ar shampla amháin thar a bheith neamhghnách a sháraigh an caighdeán éigeantach le haghaidh *E.Coli* agus an luach treorach ar Eintreacocas araon. Ní raibh an sárú seo réamh-mheasta. Sa dá chás thuas, níor aimsíodh cúis ar leith, ach ceaptar go bhféadfadh go raibh tionchar ag rith chun srutha ó dhobharcheantair in aice leo ar an dá uisce. I gcás an Rois, sháraigh cúig cinn de na naoi sampla a tuairiscíodh an luach treorach *E.Coli*, agus sháraigh ceann amháin an caighdeán éigeantach *E.Coli* mar gheall ar sceitheadh ó stáisiún caidéalaithe fuíolluisce, rud ba chúis le haicmiú an uisce snámha a bheith go dona.

Cuireadh in iúl sa chuid luath de Mheitheamh go raibh dhá thrá i gContae Dhún na nGall thíos le blás de na halgaí muirí darb ainm *Karenia mikomotoi.* Cé nár imir siad seo tionchar ar cháilíocht mhicribhitheolaíoch uiscí snámha, dúnadh roinnt tránna go sealadach tar éis do líon mór iasc agus crústach a bheith faighte marbh.

Tá achoimre ar shonraí 2009 – 2012 curtha ar fáil i dTábla 1 thíos:

Tábla 1. Comparáid Stádas Cáilíochta Uisce Snámha 2012 leis na blianta 2009 - 2011

	Sáile				Fionnuisce				Foriomlán			
	2009	2010	2011	2012	2009	2010	2011	2012	2009	2010	2011	2012
Uiscí snámha aitheanta	122	122	126	127	9	9	9	9	131	131	135	136
Cáilíocht imleor (Líon)	114	120	124	123	8	7	9	9	122	127	133	132
Cáilíocht imleor (%)	93.4	98.4	98.4	96.9	88.9	77.8	100	100	93.1	96.9	98.5	97.1
Dea-cháilíocht (Líon)	102	113	106	84	6	5	6	7	108	118	112	91
Dea-cháilíocht (%)	83.6	92.6	84.1	66.1	66.7	55.5	66.7	77.8	82.4	90.0	83.0	66.9

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin 'Splash' ag (www.bathingwater.ie)

Cé go raibh an bháisteach bhliantúil i 2012 gar do nó os cionn an mheáin, bhí samhradh 2012 ar na cinn ba fhliche atá taifeadta de réir Mheitéareolaíocht Éireann.
http://www.met.ie/MetAdmin/useruploads/file/annual_2012sum.pdf.

In ainneoin go raibh an samhradh thar a bheith fliuch, mar a léirítear i bhFigiúr 2, nuair a thit an méid is mó báistí riamh de réir na dtaifead sa deisceart agus san iardheisceart, tá cáilíocht fhoriomlán uisce snámha na hÉireann an-ard go fóill. Ach bhí laghdú mór ar líon na n-uiscí a bhain stádas amach a bhí “Go Maith”, rud atá i gcomhréir leis na torthaí ón RA, áit a bhfuil titim shuntasach tagtha ar líon na dtránna a bhain stádas dea-cháilíochta amach chomh maith toisc tionchar na haimsire. Tharla sé seo ní hamháin mar gheall ar dhéine thitim na báistí, ach mar gheall ar a leanúnaí is a bhí sí chomh maith (Figiúr 3), agus níos lú gréine ná an meán, rud atá ina príomhfhachtóir a théann i bhfeidhm ar ráta báis na mbaictéar. Bhí ithreacha sáithithe mar thoradh ar thréimhse fhada bháistí, cás a mhéadaigh an rith truaillithe chun srutha, ní hamháin ó thalamh thalmhaíochta, go háirithe nuair a bhí beostoc ag innilt nó aoileach ainmhithe á scaipeadh, ach i bhfoirm rith chun srutha ó bhóithre / cosáin i gceantair uirbeacha chomh maith.

Figiúr 2: Báisteach i rith shéasúr snámha 2012



Figiúr 3: Pátrúin bháistí i rith shéasúr US 2012



Mar atá ar taispeáint i bhFigiúirí 2 agus 3 thuas, ba é iardheisceart na tíre an áit is mó báisteach agus taifeadadh titim báistí de bhreis is dhá oiread an mheáin samhraidh le 30 bliain anuas ag Dairbhre (Co. Chiarraí) ar 80% de na laethanta nach mór i rith an tséasúir snámha. Bhí cás comhchosúil i gceist ag Rinn an Róistigh (Co. Chorcaí), áit ar thit breis is trí oiread an mheáin bháistí i mí an Mheithimh, rud ba chúis le tuilte áitiúla tromchúiseacha ag amanna áirithe. Murab ionann agus sin, d'éirigh i bhfad níos fearr leis na cóstaí thuaidh agus thoir. Tá an chuma air gurbh é an phríomhchúis leis seo ná suíomh an scairdsrutha thuaisceartaigh airde móire. Iompaíonn an t-aershreabh oirthearach seo íslithe an Atlantaigh i bhfad taobh thuaidh den RA agus Éire sa samhradh de ghnáth, ach d'ísligh sé go rian níos deisceartaí ag deireadh Aibreáin, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuid is mó d'Éirinn, iardheisceart na hAlban agus cuid mhaith de Shasana agus den Bhreatain Bheag ar feadh an tsamhraidh go léir, nuair a tharla tuilte móra mar gheall ar thitim báistí leanúnach, chomh maith le laghdú comhchosúil ar cháilíocht an uisce snámha.

Agus buarthaí ann faoi shábháilteacht an phobail, agus iad ag gníomhú ar chomhairle a fuarthas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, roghnaigh cuid mhaith údarás áitiúil srianta réamhchúramacha a chur ar an teacht ar uiscí snámha tar éis tréimhsí báistí troime, nó nuair a tugadh méideanna méadaithe micribhitheolaíocha faoi deara. Díorthaítear caighdeáin cháilíochta uisce snámha ó thuarascálacha staidéir ar riosca nochta snámhóirí agus bíonn siad socruithe de ghnáth ag leibhéal riosca de thuairim is 5%, ach níor tharla sé ach i líon beag cásanna gur sháraigh cáilíocht an uisce snámha na caighdeáin sin. As na samplaí go léir a tógadh i rith 2012, níor sháraigh ach 26 as 1509 (1.7%) an tairseach éigeantach *E.Coli*. agus maidir le hEintreacocas, cé gur sháraigh 59 (3.9%) acu an luach treorach 100 cfu/100ml, níor sháraigh ach 25 (1.7%) uasmhéid dea-cháilíochta Rialacháin 2008, is é sin, 200 cfu/100ml (95%íl).

Bhí an GCC ag dul i gcomhairle le FSS chun treoir a bhunú ar thairseacha oiriúnacha idirghabhála le haghaidh gníomhú i gcásanna d'éilliú micribhitheolaíoch, agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar iad seo roimh shéasúr snámha 2013.

Cén fáth E.Coli agus Eintreacocas?

Is dhá chineál baictéir iad E.Coli agus Eintreacocas Stéigeach a mhaireann go príomha i bputóg ainmhithe aonteasacha, daoine san áireamh. Is gnách dóibh dul isteach sa timpeallacht uisce i rith chun srutha ina bhfuil méideanna beaga caca ó thalamh thalmhaíochta nó ó cheantair uirbeacha, ó scaipeadh aoiligh ar thalamh, nó go díreach ó chórais chóireála agus cur thar maoil fuíolluisce. Is gnách dóibh maireachtáil taobh amuigh den phutóg ar feadh roinnt uaireanta nó roinnt laethanta agus é faoi réir na ndálaí atá ann, ach tá na milliúin baictéar i gcac ainmhithe agus daoine araon, mar sin níl gá le mórán truaillithe chun na spriocanna atá leagtha amach sna rialacháin um uisce snámha a shárú.

Tá riosca réasúnta íseal ag baint leo ag na tairseacha atá leagtha síos sna rialacháin, ach toisc go bhfuil an oiread sin acu ann, úsáidtear iad mar tháscairí ar láithreacht fhéideartha speiceas baictéarach agus víreasach eile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca níos mó don tsláinte, cé nach bhfuil an oiread céanna acu ann. Tá taispeánta go bhfuil baint mhór ag E.Coli le breoiteacht i dtimpeallachtaí fionnuisce, fad is go mbíonn baint níos láidre ag eintreacocas stéigeach le breoiteacht ó uiscí cósta.

Riachtanais Threoir an AE

Leagann Treoir an AE ar uisce snámha agus na Rialacháin athmheasta ar Uisce Snámha oibleagáid shuntasach agus mhéadaithe ar údaráis áitiúla agus ar an GCC as soláthar eolais don phobal ar bhealach tráthúil. Ar na príomhriachtanais atá ann, tá;

- Aithint uiscí snámha tar éis comhairliúchán poiblí
- Próifílí Uisce Snámha: a chuimsíonn measúnú cuimsitheach ar na saintréithe abhantraí, le breithniú agus measúnú rioscaí ar fhoinsí féideartha truaillithe, in éineacht le bearta bainistíochta atá riachtanach dá rialú.
- Soláthar comharthaí agus eolas uisce snámha atá cothrom le dáta ag an trá
- Féilirí Monatóireachta: ar a bhfuil sonraí chláir mhonatóireachta na n-uiscí snámha go léir
- Fógra don phobal agus don Ghníomhaireacht má tharlaíonn truailliú, agus má tá baol ann go bhfuil cáilíocht an uisce tar éis dul in olcas m.sh. mar gheall ar bháisteach throm
- Bearta bainistíochta: lena n-áirítear tuairisciú beart ar bith a dhéantar chun truailliú féideartha a laghdú, nó gníomhartha a dhéanfar má tharlaíonn truailliú

Tá an séasúr snámha in Éirinn ainmnithe a bheith ar siúl ó 1 Meitheamh go dtí 15 Meán Fómhair. Seolann Údaráis Áitiúla sonraí faoi thránna, féilirí monatóireachta agus próifílí nuashonraithe uisce snámha ar bith chuig an GCC go bliantúil roimh thús an tséasúir snámha. Bíonn gá le sampla roimh an séasúr ag deireadh mhí na Bealtaine, thart ar 10 lá roimh thús an tséasúir, agus íosmhéid ceithre shampla breise le bheith tógtha i rith an tséasúir ag pointe an lín is mó snámhóirí, nó san áit a bhfuiltear ag súil leis an riosca truaillithe is mó, i gcomhréir leis an bpróifíl uisce snámha, ach tógann an chuid is mó údarás áitiúil i bhfad níos mó ná an riachtanas íosta seo.

Soláthraítear torthaí samplála don GCC i rith, agus ag deireadh gach séasúr snámha. Ní mór d'Údaráis Áitiúla na bearta riachtanacha a dhéanamh le cinntiú go gcloítear leis na caighdeáin, agus an pobal a chur ar an eolas láithreach má theipeann ar shampla uisce snámha luachanna éigeantacha an AE a chomhlíonadh. Ba ghnách go ndéanfaí seo trí fhógraí comhairleacha a chrochfaí ag an limistéar snámha, in éineacht le húsáid comharthaíochta agus bratach ag an trá, ach d'fhéadfaí meáin eile a úsáid chomh maith.

Tá an t-aonad Uisce Snámha d'Oifig an GCC um Measúnú Comhshaoil (OMC) freagrach as na torthaí cáilíochta uisce snámha a bhailiú, chomh maith le measúnú foriomlán a dhéanamh ar cháilíocht uisce. Seoltar na sonraí seo chuig an AE le bheith curtha san áireamh sa tuarascáil ar Uisce Snámha Eorpach a bhíonn ullmhaithe ag an nGníomhaireacht Comhshaoil Eorpach.

Déanann an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (OFC) taobh istigh den GCC imscrúdú ar an gcúis atá le teip limistéar snámha ar bith luachanna éigeantacha an AE a bhaint amach, nó nuair a bhíonn cásanna de thruailliú aitheanta a bheith ann m.sh. mar gheall ar ghléasraí bardasacha cóireála fuíolluisce agus a mbonneagar gaolmhar. Déanann siad monatóireacht chomh maith ar na bearta atá á ndéanamh ag an údarás áitiúil bainteach chun comhlíonadh a chur i bhfeidhm sa limistéar snámha.

Is é is aidhm don Treoir ar Uisce Snámha 2008 ná an ghnáthcháilíocht uisce a dhearbhú, agus é bunaithe ar shampláil rialta i rith roinnt séasúir snámha éagsúla. Aithníonn sé, áfach, go bhféadfadh tréimhsí a bheith ann nuair a d'fhéadfadh cúrsaí aimsire dul i bhfeidhm go sealadach ar cháilíocht uisce, amhail titim throm bháistí, nó mar gheall ar chothabháil phleanáilte ar shruth éalaithe fuíolluisce is araile, agus déanann sé foráil d'Údaráis Áitiúla iarraidh ar an GCC go bhfágfaí samplaí pleanáilte cloí ar bith a thógtar i rith a leithéid de thréimhsí as an áireamh, agus go gcuirfí samplaí a thógtar tar éis don tionchar dul i léig ina n-áit.

Ní féidir a leithéid de “Thruailliú Gearrthéarma” a fhágáil as an áireamh ach nuair a aithnítear i bpróifílí uisce snámha go bhféadfadh cáilíocht uisce a bheith thíos le tionchair báistí troime, nó éifeachtaí eile, agus sa chás go bhfuil na húdaráis áitiúla tar éis fógra réamhchúramach a eisiúint roimh an eachtra a mholann don phobal gan dul ag snámh go dtí go dtiocfaidh feabhsú ar cháilíocht an uisce. Is gá critéir shamplála ar leith a chomhlíonadh chomh maith. Ina leithéid de chásanna, tá dualgas ar an Údarás Áitiúil fianaise shoiléir a chur ar fáil ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun an tionchar ar cháilíocht uisce snámha a íoslaghdú.

I gcásanna níos tromchúisí, d'fhéadfaí iarraidh go bhfágfaí samplaí pleanáilte cloí as an áireamh mar gheall ar "chás neamhghnách" atá sainmhínithe mar “*eachtra ar dócha nach dtarlódh sé níos mó ná uair amháin in aon tréimhse ceithre bliana*”. Ba ghnách go mbeadh a leithéid de dhálaí i gceist le haghaidh tionchair fisiceacha amhail lochtanna bonneagar séarachais / tionchair neamhphleanáilte mar gheall ar theipeanna cumhachta, mar shampla, is araile. Ach rinneadh breithniú ar roinnt eachtraí mar chásanna neamhghnácha i rith 2012 mar gheall ar aimsir a bhí fíordhona.

Rinneadh monatóireacht ar iomlán 136 uisce snámha aitheanta i rith shéasúr snámha 2012, a raibh 127 acu ina sála agus 9 gcinn acu ina lochanna fionnuisce. Aithníodh trá nua amháin (Claremont, Comhairle Contae Fhine Gall) le haghaidh shéasúr snámha 2012. Is ionann iad seo agus na huiscí snámha is mó ráchairt go náisiúnta, agus iad ainmnithe mar sin go foirmiúil don AE, ach déanann cuid mhaith údaráis áitiúla monatóireacht chomh maith ar roinnt uiscí snámha nach n-úsáidtear chomh minic sin.

Tá na caighdeáin mhicribhitheolaíocha a bheidh i bhfeidhm tar éis 2014, nuair is gá an Treoir a chur i bhfeidhm go hiomlán, tá siad beagnach dhá oiread chomh dian is na cinn atá i bhfeidhm faoi láthair, agus is ionann iad agus ísliú ar an tairseach riosca do shnámhóirí go tuairim is 3%, agus catagóir níos déine de cháilíocht uisce atá Ar Fheabhas á chur i bhfeidhm chomh maith. Tá gá le caighdeán íosta cáilíochta imleoire le cloí leis an Treoir. Meastar go mbeifear ag súil leis go gcloífidh thart ar 2/3 de thránna na hÉireann leis an gcaighdeán nua níos airde seo, ach d'fhéadfadh thart ar 10 dtrá teip cloí leis an gcaighdeán íosta caighdeán imleor mura ndéanfar gníomhartha chun tionchair na bhfoinsí truaillithe a mhaolú.

Córas Uisce Snámha Ar Líne

Ó Iúil 2009, tá suíomh gréasáin ar líne atá bunaithe ar léarscáil darb ainm "*SPLASH*" (www.bathingwater.ie) á chur ar fáil ag an GCC ar a soláthraítear eolas ar cháilíocht uisce snámha don phobal maidir leis na huiscí snámha aitheanta go léir. Soláthraíonn an suíomh gréasáin na torthaí samplála uisce snámha is déanaí i rith an tséasúir snámha, in éineacht lena gcloí le caighdeáin cháilíochta uisce snámha an AE, a stádas foriomlán cáilíochta uisce, an fháil atá ar ghardaí tarrthála, eolas aimsire agus taoide. Tá nuashonrú cuimsitheach déanta air i rith 2012 agus 2013 chun eolas breise a chur ar fáil, lena n-áirítear teacht ar phróifílí uisce snámha agus fógraí faoi eachtraí, in éineacht le soláthar teachtaireachtaí foláirimh.

Tá an GCC ag forbairt córas Forfheidhmithe Uisce Snámha ar líne le cuidiú le hÚdaráis Áitiúla eolas uisce snámha a uaslódáil. Príomhghné amháin a bheidh ann ná fógraí faoi eachtraí ar bith a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce snámha go díreach, rudaí a nascfaidh go díreach le suíomh gréasáin SPLASH.

Ó 2002, tá tuarascálacha achoimre bliantúla á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cháilíocht uisce snámha agus leanann an tuarascáil seo den phróiseas sin. Tá 'Splash' tar éis dul nach mór in áit na dtuarascálacha bliantúla náisiúnta ar uisce snámha a bhí foilsithe roimhe seo ag an GCC, rud a sholáthraíonn forbhreathnú ar stádas cáilíochta uisce snámha ar leibhéil éagsúla, in éineacht leis na nithe eile: náisiúnta, údarás áitiúil, dúiche abhantraí agus limistéar snámha aitheanta. Chomh maith le heolas a sholáthar ar stair chomhlíonta na n-uiscí snámha ó 2003, cuireann an suíomh gréasáin cur síos ar fáil ar gach limistéar snámha in éineacht le grianghraif agus sonraí faoi stádas Brataí Goirme ar bith.

Achoimre

In ainneoin gur tharla titim mhór (21) ar líon na n-uiscí snámha a bhain dea-stádas amach i 2012, rud a tharla go príomha mar gheall ar thionchar na báistí troime i rith thréimhse an tsamhraidh, tá an cloí foriomlán leis na caighdeáin reatha uisce snámha go hard go fóill (97.8%) agus tá sé i gcomhréir leis na torthaí le blianta beaga anuas.

Ba é an príomhfháth leis an laghdú ar líon na n-uiscí a bhain dea-stádas amach ná go raibh leibhéil ísle leanúnacha truaillithe ann, go háirithe in uiscí snámha i ndeisceart agus iardheisceart na tíre. Ní bhíonn tionchar ag sceitheadh ó chórais chóireála fuíolluisce ar chuid mhaith de na huiscí seo atá ar ardchaighdeán go ginearálta, agus is mó an tionchar a imríonn rith uirbeach agus talmhaíoch chun srutha orthu. Agus leibhéil taise ithreach ag pointe sáithiúcháin ar feadh na coda is mó den séasúr snámha, d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag innilt beostoic agus scaipeadh aoileach ainmnithe in aice le cúrsaí uisce.

Tá líon na dtránna ainmnithe níos ísle ná an meán Eorpach agus aon trá amháin in aghaidh thart ar 25km imeallbhoird i gceist. Níl ach naoi limistéar snámha intíre ainmnithe. Spreagtar údaráis áitiúla le scrúdú eile a dhéanamh ar phátrúin snámha ina réigiúin siúd, d'fhonn cumhdach limistéir snámha níos cuimsithí a chur ar fáil.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais agus naisc le heolas uisce snámha curtha ar fáil thíos:

Córas Eolas Uisce an GEC don Eoraip (CEUE/WISE)
http://www.water.europa.eu/

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
http://www.eea.europa.eu

Cáilíocht Uisce in Éirinn 2007 - 2009 (GCC)
http://www.epa.ie/downloads/pubs/water/waterqua/WaterQuality0709.pdf

Comhshaol na hÉireann: Measúnú (GCC)
http://www.epa.ie/downloads/pubs/indicators/name,33606,en.html

An Taisce (Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann)
www.antaisce.org

An Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil (FOC)
www.fee-international.org

Cóstaí Glana Éireann
www.cleancoastsireland.org

Tá sonraí faoi scéimeanna na mBratach Gorm agus na gCóstaí Glasa ar fáil ag www.blueflag.org , www.beachawards.ie agus www.antaisce.org

An Ghníomhaireacht Albanach um Chaomhnú Comhshaoil
http://www.sepa.org.uk/water/bathing_waters.aspx

An Ghníomhaireacht Comhshaoil (Sasana agus an Bhreatain Bheag)
http://www.environment-agency.gov.uk/homeandleisure/recreation/142937.aspx

An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe (An RA)
http://www.defra.gov.uk/environment/quality/water/water-quality/bathing/

An Roinn Comhshaoil (Tuaisceart Éireann)
http://www.doeni.gov.uk/index/protect_the_environment/water/bathing_water.htm

Léarscáil na hÉireann de Cháilíocht Uisce Snámha i 2012



Aguisín 2 Comhlíonadh agus Stádas Cáilíochta Uisce Uiscí Snámha Aitheanta i 2012

An tÚdarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíochta Uisce 2012	Cloí le luachanna éigeantacha / treorach		
			E.Coli		E.S.
			Éigeantach	Treoir	Treoir
Comhairle Contae an Chláir	Loch Bhaile Uí Áille, Inis	Imleor	√	X	√
	Baile Uí Chogaráin	Go Maith	√	√	√
	Ceathrú an Easpaig	Go Maith	√	√	√
	Piara na Ceapaí, Cill Rois	Go Maith	√	√	√
	Fánóir	Go Maith	√	√	√
	Cill Chaoi	Go Maith	√	√	√
	An Leacht	Go Maith	√	√	√
	Baile Uí Bheoláin, Loch Deirgeirt	Go Maith	√	√	√
	Rinn na Spáinneach	Go Maith	√	√	√
	An Trá Bhán, An Dún Beag	Go Maith	√	√	√
	An Trá Bhán, Sráid na Cathrach	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Chorcaí	Bá na hEornan	Imleor	√	X	√
	Eochaill, An Caisleán Cria	Imleor	√	X	√
	Cúl Méine	Imleor	√	X	√
	Baile Mhontáin	Go Dona	X	X	√
	Baile Ghearóid	Imleor	√	X	√
	Garraí Lúcáis, An Trá Bhán	Go Maith	√	√	√
	Garraí Bhoithe	Imleor	√	X	√
	Inse Duine	Go Maith	√	√	√
	Abha na hInse, Trá an Oileáin Bhig	Go Maith	√	√	√
	Ceann an Bhóthair	Imleor	√	X	√
	Tráigh Omna	Imleor	√	X	√
	An Coinicéar, Trá an Chreagáin	Go Maith	√	√	√
	Eochaill, An trá thosaigh	Imleor	√	X	√
Comhairle Contae Dhún na	Baile Thiarnáin, Fánaid	Go Maith	√	√	√
	Bun Dobhráin	Go Maith	√	√	√
	Carraig Fhinn	Go Maith	√	√	√
	Cúil Dabhcha	Go Maith	√	√	√
	Na Dúnaibh	Go Maith	√	√	√
	Droim na Tine	Go Maith	√	√	√
	Fionntrá	Go Maith	√	√	√
	Trá na Cille	Go Maith	√	√	√
	Trá na mBan, Bun Crannca	Go Maith	√	√	√
	Lios Feannáin	Go Maith	√	√	√
	Cnoc an Mharmair	Go Maith	√	√	√
	Muirbheach	Go Maith	√	√	√
	An Fhearthainn	Go Maith	√	√	√
	Port Artúir, Doirí Beaga	Go Maith	√	√	√
	Port na Bláiche	Go Maith	√	√	√
	Port an tSalainn	Go Maith	√	√	√
	Ráth Maoláin	Imleor	√	X	√
	Ros Neamhlach	Go Maith	√	√	√
	An tSrúibh	Go Maith	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíochta Uisce 2012	Cloí le luachanna éigeantacha / treorach E.Coli Éigeantach	E.Coli Treoir	E.S. Treoir
Comhairle Cathrach Bhaile	Trá Chnocán Doirinne	Imleor	√	X	√
	Trá Mhuirfean	Imleor	√	X	X
	Trá Dhumhach Thrá	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae	Cill Iníon Léinín	Go Maith	√	√	√
Dhún Laoghaire / Ráth an	An Pointe	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Fhine	Baile Brigín, An Trá Thosaigh	Imleor	√	X	√
	Trá Claremont	Imleor	√	X	√
	Domhnach Bat, Trá Bhaile Carraige	Go Maith	√	√	√
	Trá Loch Sionnaigh	Imleor	√	X	X
	Trá Mhullach Íde	Go Maith	√	√	√
	Port Mearnóg, An Trá Mhín	Go Maith	√	√	√
	Port Reachrann, Trá an tSrutháin	Go Maith	√	√	√
	An Ros, An Trá Theas	Go Dona	X	X	X
	Na Sceirí, An Trá Theas	Imleor	√	X	√
	Cill Fhionntain, Trá an Choinicéir	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae na	An Trá Mhór, Coill Rua, Indreabhán	Go Maith	√	√	√
	Loch Bhaile Locha Riach	Go Maith	√	√	√
	Áit Snámha ag Port Omna	Go Maith	√	√	√
	Céibh an Spidéil	Imleor	√	√	X
	Cill Mhuirbhigh, Inis Mór	Go Maith	√	√	√
	Trá an Chlocháin	Go Dona	X	X	X
	Goirtín, Cloch Na Rón	Go Maith	√	√	√
	Trá na bhForbacha, Na Forbacha	Go Maith	√	√	√
	Trá na mBan, An Spidéal	Imleor	√	X	√
	Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua	Go Maith	√	√	√
	Trá Chaladh Fínis, Carna	Go Maith	√	√	√
	Trácht, Cinn Mhara	Go Maith	√	√	√
Comhairle Cathrach na	Trá Bhaile an Locháin	Imleor	√	X	X
	Trá Bhóthar Grattan	Imleor	√	X	√
	Trá Bhóthar na Trá	Go Maith	√	√	√
	Trá na gCeann	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Chiarraí	Baile an Sceilg	Imleor	√	X	√
	Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Imleor	√	X	√
	Baile an Bhuinneánaigh Theas	Go	√	√	√
	Baile Uí Thaidhg	Go Dona	X	√	X
	Trá na Beannaí	Go Maith	√	√	√
	Caisleán Ghriaire	Go Maith	√	√	√
	Doire Fhíonáin	Go Maith	√	√	√
	An Fhianait	Imleor	√	X	√
	Inse	Go Maith	√	√	√
	Trá na hUíne (An Coireán)	Imleor	√	X	√
	Na Cealla	Imleor	√	X	√
	An Machaire Beag	Go Maith	√	√	√
	Ros Beithe, An Trá Bhán	Go Maith	√	√	√
	Fionntrá	Imleor	√	X	√
	An Trá Bhán, Cathair Saidhbhín	Go Maith	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil Freagrach	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíochta Uisce 2012	Cloí le luachanna éigeantacha / treorach		
			E.Coli		E.S.
			Éigeantach	Treoir	Treoir
Comhairle Contae Liatroma	Loch Chaoldra	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Lú	Ceann Chlochair	Go Maith	√	√	√
	An Port, An Lurgain Bhuí	Imleor	√	X	√
	An Pointe	Go Maith	√	√	√
	Cnoc na Cáithe / Baile an Teampaill	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Mhaigh	An Bheartrach, Muraisc	Go Maith	√	√	√
	Trá na Ceathrún Móire, Cluain	Go Maith	√	√	√
	Ceathrú an Uisce, Cluain Cearbán	Imleor	√	X	√
	Trá Dhumha Goirt, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá Dhumha Éige, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Cuan Oilí, Béal an Mhuirthead	Go Maith	√	√	√
	An Trá Óir, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá an Chaoil, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá na Coime, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá an Rois, Cill Ala	Imleor	√	√	X
	Trá an tSeanchinn, Cluain Cearbán	Go Maith	√	√	√
	Trá an Mhullaigh Rua, Béal an	Go Maith	√	√	√
	Trá na Mala Raithní	Go Maith	√	√	√
	Trá na Rinne Rua, Corrowigue	Imleor	√	√	X
	Cliara, Cluain Cearbán	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae na Mí	An Inse / Baile an Bhiataigh	Imleor	√	√	X
Comhairle Contae Shligigh	Trá Dhún Móráin	Go Maith	√	√	√
	Trá Inis Crabhann	Go Maith	√	√	√
	Trá an Mhullaigh Mhóir	Go Maith	√	√	√
	Trá an Rois	Go Maith	√	√	√
	Trá na Srithidí	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Phort	Trá Aird Mhór	Imleor	√	X	X
	Trá Bhun Machan	Imleor	√	X	√
	Trá Chluain Fhia	Go Maith	√	√	√
	Trá na gComhairleoirí, Dún Mór	Imleor	√	X	√
	Trá Dhún Mór, Dún Mór	Imleor	√	X	√
	Trá Mhór	Imleor	√	√	X
Comhairle Contae na	An tIúr, Loch Ainninn	Imleor	√	X	√
	Port na Seangán, Loch Uail	Go Maith	√	√	√
	An Gearradh, Loch Léinn	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Loch	Baile Muine, An Trá Thuaidh	Imleor	√	X	X
	Baile na Cúirte, An Trá Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Currach Cló	Go Maith	√	√	√
	Dún Canann	Imleor	√	X	X
	Caisleán Mhurchú	Go Maith	√	√	√
	Trá Ros Láir	Imleor	√	X	√
Comhairle Contae Chill	Promanáid Theas Bhré	Imleor	√	X	√
	Cuan an Bhriotáis Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Cuan an Bhriotáis Theas	Go Maith	√	√	√
	An Chlogach	Go Maith	√	√	√
	Na Clocha Liatha Theas	Go Maith	√	√	√
	An Trá Bhán	Go Maith	√	√	√

Leathanach bán d'aon ghnó